An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht ar chúrsa
i gColáiste Gaeilge

TUAIRISC

Coláiste Uí Chadhain
Na Minna, Indreabhán
Contae na Gaillimhe
Cód tagartha: CGC011

Dáta na cigireachta: 14 Iúil 2016

AN CHIGIREACHT

RÉAMHRÁ

Déanann Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna meastóireacht ar cháilíocht an tsoláthair oideachais i líon áirithe de chúrsaí a sholáthraíonn coláistí Gaeilge gach bliain thar ceann na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Eascraíonn an tuairisc ar an gcúrsa Gaeilge seo as breathnóireacht ar theagasc, foghlaim agus imeachtaí cultúrtha, as idirghníomhú le scoláirí agus comhphlé leis an mbainistíocht, agus as iniúchadh ar cháipéisíocht ábhartha.

ACHOIMRE AR CHINNTÍ AGUS MOLTAÍ LE hAGHAIDH TUILLEADH FORBARTHA

Príomhchinntí

- Bhí eagar an-mhaith ar gach gné den chúrsa a breathnaíodh.
- Tugadh suntas don dea-atmaisféar agus gaoil dhearfacha a bhí le breathnú idir scoláirí agus idir scoláirí agus múinteoirí ar an gcúrsa.
- Bhí cáilíocht an teagaisc an-mhaith le linn na gceachtanna a breathnaíodh le gnéithe beaga den fhoghlaim le forbairt.
- Ba léir gurb í an Ghaeilge teanga chumarsáide agus oibre an chúrsa ó thús deireadh agus moltar an tslí inar spreagadh na scoláirí ó thaobh úsáid na teanga de.
- Caitheadh dua nach beag le hilghnéitheacht agus spreagthacht na n-imeachtaí tráthnóna agus oíche a dheimhniú.
- Rinneadh dul chun cinn áirithe maidir le cur i bhfeidhm na moltaí ó mheastóireachtaí eile ach is gá roinnt oibre a dhéanamh ar pholasaithe agus ar roghnú agus léiriú ainmneacha an duine idirchaidrimh agus leasduine idirchaidrimh.

Príomh-mholtaí

- Moltar a chinntiú go bhfuil na daoine atá luaite mar an duine idirchaidrimh agus an leasduine idirchaidrimh i láthair ar an gcúrsa ó thús deireadh.
- Moltar go mbeadh polasaithe an choláiste curtha le chéile in aon fhillteán amháin agus go mbeadh an fillteán ar fáil san oifig do mhúinteoirí agus cuairteoirí cuí.
- Moltar úsáid a bhaint as eiseamláirí teanga chun tacú le foghlaim na scoláirí agus chun cabhrú leo abairtí chruinne a chur le chéile.

1. CÁILÍOCHT AN TEAGAISC AGUS NA FOGHLAMA

- Bhí cáilíocht an teanga an-mhaith le linn na gceachtanna a breathnaíodh. Bhí na scoláirí rannpháirteach go hiomlán in imeachtaí na gceachtanna, cé go bhféadfaí cur leis na deiseanna obair bheirte i gcás ceachta amháin a breathnaíodh.
- Tugadh spriocanna foghlama ag tús na gceachtanna agus chuathas siar orthu sin i gcásanna áirithe, cleachtas atá le moladh. Bhí cuid mhaith den teagasc bunaithe ar réamhfhoghlaim agus tógadh go héifeachtach air sin, cleachtas a chinntigh leanúnachas maith sa bhfoghlaim.
- Baineadh úsáid as réimse modheolaíochtaí lena n-áirítear obair bheirte agus claoninsint, obair ghrúpa, ceistiúchán agus díospóireachtaí le scoláirí ag glacadh rólanna éagsúla sa phróiseas.
- Tugadh suntas don bhéim leanúnach a leagadh ar chruinneas na Gaeilge agus múineadh na gramadaí ar bhealach comhtháite. Luaigh na scoláirí a thábhachtaí agus a bhí na bríonna a tugadh dóibh ar cheisteanna gramadaí agus an bealach ar chuir a leithéid lena dtuiscint ar an teanga.

2. CÁILÍOCHT EISPÉIREAS NA SCOLÁIRÍ AR THEANGA AGUS CULTÚR NA GAEILGE

- Bhí na scoláirí thar a bheith dearfach faoin eispéireas foghlama le linn na gceachtanna Gaeilge ar maidin. Luadh tábhacht agus éifeacht riail na Gaeilge agus tiomantas na scoláirí

féin do labhairt na teanga ina measc féin. Moltar an bealach ina spreagtar na scoláirí chun an teanga a labhairt agus chun ceannaireacht a ghlacadh ar chur i bhfeidhm na rialach ina measc féin.

- Rinneadh iarrachtaí fónta ilghnéitheacht agus spreagthacht na n-imeachtaí iarnóna agus oíche a dheimhniú. Bhain fuinneamh, taitneamh agus spiorad leis na himeachtaí a breathnaíodh le linn na cuairte meastóireachta.
- Ba léir gurb í an Ghaeilge teanga an chúrsa ó thús deireadh agus luaigh na scoláirí go bhfuil cáil ar an gcúrsa de bharr caighdeán na Gaeilge.

3. CÁILÍOCHT NA CEANNAIREACHTA AGUS NA BAINISTÍOCHTA

- Bhain eagar an-mhaith le gach gné den chúrsa a breathnaíodh cé gur gá na polasaithe don chúrsa a chur le chéile in aon fhillteán amháin san oifig ionas go mbeidís ar fáil do bhaill foirne agus do chuairteoirí ábharacha eile.
- Bhí plean an chúrsa don Ghaeilge ar fáil sa bhfoirm iarratais. Moltar roinnt forbartha a dhéanamh air seo chun é a chur in oiriúint do phlean ceart don chúrsa.
- Thug údaráis an chúrsa Gaeilge deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag coiste stiúrtha an choláiste le polasaí maidir le caomhnú leanaí, faoi mar a éilíonn na forálacha i Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige 2011), agus go bhfuil cleachtas an chúrsa Gaeilge ag teacht lena n-éilítear faoi Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige 2011) Ní mór a chinntiú go bhfuil an duine idirchaidreamh ainmnithe ar láthair an chúrsa ó thús deireadh. B'fhiú an príomhoide agus duine de na múinteoirí a ainmniú mar dhaoine idirchaidreamh agus a n-ainmneacha a bheith ar taispeáint.
- Deimhníodh go raibh cóip den ráiteas sláintíochta agus slándála, cód iompraíochta. Ní mór polasaí frithbhulaíochta a dhréachtadh agus a fhaofadh.
- Bhain deacháilíocht leis an mbainistíocht ar scoláirí de réir mar a breathnaíodh le linn na cigireachta.
- Bhí suíomh an choláiste oiriúnach don chúrsa, do na ranganna agus do na himeachtaí iarnóna agus oíche.
- Cé go ndearnadh dul chun áirithe maidir le moltaí ó chigireachtaí a rinneadh roimhe seo a chur i bhfeidhm, is gá roinnt oibre a dhéanamh fós ar pholasaithe reatha an choláiste a chur ar fáil le chéile agus ar ainmneacha an duine idirchaidrimh agus leas-duine idirchaidrimh cuí a thaispeáint.

Tugadh deis do choiste stiúrtha an choláiste Gaeilge a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an gcoiste stiúrtha glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.